Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Samhain 2020**
**(OR. en)**

**12851/20**

**ESPACE 65**
**RECH 439**
**COMPET 553**
**MI 462**
**IND 207**
**EU-GNSS 23**
**TRANS 515**
**TELECOM 212**
**ENER 409**
**EMPL 505**
**CSDP/PSDC 551**
**CFSP/PESC 989**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 11 Samhain 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12347/20 |
| Ábhar: | “Treoshuíomhanna i ndáil leis an rannchuidiú Eorpach chun prionsabail lárnacha a bhunú don gheilleagar domhanda spáis”<br>Conclúidí ón gComhairle (11 Samhain 2020) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn na Conclúidí ón gComhairle maidir le "Treoshuíomhanna i ndáil leis an rannchuidiú Eorpach chun prionsabail lárnacha a bhunú don gheilleagar domhanda spáis", a glacadh trí nós imeachta i scríbhinn an 11 Samhain 2020.

**Conclúidí ón gComhairle**

**"Treoshuíomhanna i ndáil leis an rannchuidiú Eorpach chun prionsabail lárnacha a bhunú don gheilleagar domhanda spáis"**

Tá Comhairle an Aontais Eorpaigh,

Á MHEABHRÚ DI

– an Coinbhinsiún lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis, 1975;

– an Creat-Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach – ar tháinig an tAontas Eorpach i gcomharbacht air – agus an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis (an "Creat-Chomhaontú"), a tháinig i bhfeidhm in 2004;

– an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a tháinig i bhfeidhm in 2009;

**<u>Geilleagar Eorpach Spáis a thógáil a bheidh iomaíoch agus láidir go domhanda agus tacú le téarnamh as géarchéim COVID-19</u>**

1. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS nach leis na cláir a mhaoinítear go poiblí amháin a bhaineann an earnáil Eorpach spáis toisc gur mó atá gníomhaíochtaí tráchtála spáis á tiomáint anois, agus go bhfuil tionscal agus slabhra soláthair Eorpach thar a bheith iomaíoch ann lena gcuirtear ar chumas na hEorpa páirt a ghlacadh i bhfás domhanda an gheilleagair spáis agus cur leis an bhfás sin;

2. Is DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn suntasach a rinneadh maidir leis na gníomhaíochtaí Eorpacha spáis a bheidh ann amach anseo a ullmhú, idir réamhtheachtach agus iartheachtach, maidir leis an Aontas Eorpach agus maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach Spáis araon, mar aon le cláir náisiúnta spáis a mBallstát faoi seach agus cláir phoiblí eile;

3. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur saintréith den spás domhanda é líon méadaithe na ngníomhaithe spáis – idir bheag agus mhór, phoiblí agus phríobháideach; agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil fás dinimiciúil ag teacht ar an ngeilleagar domhanda spáis in earnálacha réamhtheachtacha agus iartheachtacha araon, agus go sáraíonn sé luach na gclár poiblí. Is í an nuálaíocht agus deiseanna nua margaidh is cúis leis, agus ar an gcaoi sin, déantar margadh aibí inmharthana den earnáil spáis, rud a bhfuil éifeachtaí iarmharta méadaitheacha aige i margaí eile;

4. CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór don Eoraip, sa chomhthéacs athraitheach sin, a cuid iarrachtaí a atreisiú chun a cláir spáis a neartú, tráchtálú spáis a fheabhsú agus rath thionscal Eorpach spáis a chothú i margaí domhanda; agus dá bhrí sin, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór leas a bhaint as buanna agus inniúlachtaí na ngníomhaithe uile;

5. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá don tionscal spáis lánúsáid a bhaint as na deiseanna atá ag forbairt go gasta agus as an earnáil phoiblí freisin chun cineálacha cur chuige margadhbhunaithe a chur chun cinn chun go mbeidh an earnáil spáis níos éifeachtúla, i gcomhpháirtíocht leis an earnáil tionscail, chun leas a bhaint as acmhainneacht iomlán an mhargaidh;

6. AITHNÍONN SÍ gur gá iomaíochas domhanda thionscal Eorpach spáis agus slabhraí soláthair a neartú maidir le margaí idirnáisiúnta, lena n-áirítear trí chothrom na Féinne a neartú ar leibhéal domhanda, agus trí gheilleagair oscailte a chothú, lena n-áirítear saorthrádáil chóir, ar bhonn réitigh iltaobhacha agus cómhalartachta; i ndáil leis an méid sin, CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá don Eoraip rannchuidiú leis na prionsabail lárnacha sin a bhunú don gheilleagar domhanda spáis;

7. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil gá le cur chuige nua chun fiontraíocht spáis a spreagadh trí rochtain ar mhaoiniú agus deiseanna cistiúcháin éagsúla a chur chun cinn, go háirithe do ghnólachtaí nuathionscanta, do ghnólachtaí atá i mbun fáis, d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do chuideachtaí meánchaipitlithe chun a n-acmhainneacht iomlán nuálaíochta a bhaint amach; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS na buntáistí a bhaineann le costais mhaoiniúcháin a laghdú d'oibreoirí satailíte agus urrúis luachmhara inrochtana a chur ar fáil do chreidiúnaithe dá n-iasachtaí; agus maidir le feasacht ar ionstraimí airgeadais idirnáisiúnta a chur chun cinn;

8. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an ról sonrach atá ag feidhmeanna iartheachtacha maidir le bainistiú agus maolú a dhéanamh ar ghéarchéim COVID-19 i réimsí éagsúla amhail iompar, bainistiú acmhainní agus teileachumarsáid; agus AONTAÍONN SÍ leis an gcomhchuspóir Eorpach an ghéarchéim táirgiúlachta a shárú, go háirithe i ngeall ar bhagairt COVID-19, trí thacaíocht phoiblí i bpáirt a thabhairt don earnáil tionscail, i gcomhréir iomlán leis na dlíthe is infheidhme agus trí chomhlántacht idir an tAontas, GSE agus a mBallstáit faoi seach, a théann chun tairbhe freisin d'athbheochan an tionscail spáis trí dheiseanna a chuirtear ar fáil leis na bearta éagsúla téarnaimh phoiblí;

9. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go ginearálta gur gá don Aontas, do GSE agus dá mBallstáit faoi seach rannchuidiú, bunaithe ar a n-inniúlachtaí faoi seach, le rialáil idirnáisiúnta nó le prionsabail idirnáisiúnta i bhfóraim iltaobhacha a reáchtálfar amach anseo; agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ sa chomhthéacs sin an rún ceannaireacht na hEorpa a fheabhsú a thuilleadh maidir le húsáid inbhuanaithe a bhaint as an spás;

**Uathriail, Slándáil agus Athléimneacht Eorpach Spáis a Chothú**

10. CUIREANN SÍ I dTREIS go dtacaíonn an spás leis an gcinnteoireacht trí fhaisnéis a bhaintear as sonraí spáis, sonraí *in situ* agus as sonraí eile, agus trí sheirbhísí a chur ar fáil nach féidir le haon earnáil eile a sholáthar;

11. AITHNÍONN SÍ, i gcás gníomhaíochtaí a bhaineann leis an tslándáil freisin, go bhfuil inniúlachtaí comhthreomhara ag an Aontas, ag GSE agus ag a mBallstáit faoi seach i mbeartas Eorpach spáis chun riachtanais Eorpacha le haghaidh neamhspleáchais agus uathriail theicneolaíoch a chinneadh, gan dochar don tslándáil náisiúnta;

12. CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR gur gá comhpháirteanna áirithe a bheith ar fáil san Eoraip, gur gá a bheith neamhspleách ó thaobh na teicneolaíochta de agus gur gá slabhraí soláthair athléimneacha a fhorbairt;

13. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá don Eoraip rochtain shlán, uathrialach, iontaofa, chostéifeachtach agus inacmhainne a choinneáil ar an spás; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go leanann an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis, in éineacht le tionscail na hEorpa, de chórais lainseála agus a dteicneolaíochtaí a sholáthar, agus gur custaiméirí tábhachtacha ag seirbhísí lainseála na hEorpa iad an tAontas Eorpach, GSE agus a mBallstáit faoi seach; Agus CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR an tairbhe a bhaineann le seirbhísí lainseála Eorpacha a úsáid do gach misean institiúideach san Eoraip, agus an gá atá le dul isteach i seirbhísí saothraithe Ariane 6 agus VEGA-C; Tugann SÍ DÁ hAIRE gur gá plé a dhéanamh ar na peirspictíochtaí a bheidh ann amach anseo maidir le bonneagair ar an talamh agus maidir le teicneolaíochtaí lainseálaithe;

14. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil roinnt tionscnamh um Bainistiú Tráchta Spáis ar fud an domhain; CUIREANN SÍ I dTREIS go bhforbraíonn an Eoraip teicneolaíocht chun imbhualadh spásárthaí a sheachaint, teicnící chun smionagar spáis a bhaint, smionagar spáis a sheachaint, agus go n-oibríonn agus go bhforbraíonn sí cumais Faireachais agus Rianaithe Spáis (SST) chun tuilleadh uathrialach straitéisí a bhaint amach, chun an t-aistear chuig oibríochtaí cianspáis agus oibríochtaí i bhfithis agus an filleadh uathu a bhainistiú go héifeachtach;

15. AITHNÍONN SÍ an gá atá le cur chuige comhordaithe Eorpach méadaithe maidir le bainistiú an spástráchta (lena n-áirítear cur chuige teicniúil agus oibríochtúil), chun leasanna a chaomhnú, agus chun a infheistíochtaí príobháideacha agus poiblí sa spás a chosaint ar bhealach inbhuanaithe; agus i bhfianaise an mhéid sin, MOLANN SÍ do na gníomhaithe inniúla go léir tús a chur le hidirphlé Eorpach in éineacht leis an saol acadúil agus le lucht tionsclaíochta, lena n-áirítear cleachtadh léarscáilithe ar na creataí rialála atá ann faoi láthair san Eoraip a bheidh le plé ag comhdháil Eorpach ar leith;

16. Is DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil an tAontas Eorpach ag fiosrú an féidir glacadh leis na cearta agus na hoibleagáidí faoi Chonarthaí agus Coinbhinsiúin ábhartha na Náisiún Aontaithe maidir leis an gCianspás a dhearbhú; agus IS DÍOL SÁSAIMH DI gur ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an brollach agus na 21 treoirlíne d'inbhuaine fhadtéarmach gníomhaíochtaí cianspáis; Agus MOLANN SÍ iad a chur chun feidhme go pras;

17. CUIREANN SÍ beartais CHUN CINN maidir le cearta maoine intleachtúla atá fabhrach don infheistíocht thionsclaíoch, ionas go ndéanfaidh bainistiú éifeachtach agus rochtain níos éasca ar chearta maoine intleachtúla sa réimse spáis rath agus iomaíochas thionscal Eorpach spáis a neartú;

18. Dá bhrí sin, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart an tsolúbthacht sa soláthar poiblí a úsáid go forleathan nuair a thairgtear í de réir na rialacha faoi seach maidir le cearta maoine intleachtúla, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, chun deiseanna a chruthú dá dtráchtálú;

19. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil an chibearshlándáil agus an tslándáil agus an athléimneacht ag éirí níos tábhachtaí chun inoibritheacht agus iontaofacht chórais oibríochtúla Eorpacha spáis, ar an talamh agus sa spás, a chaomhnú; agus CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil an margadh domhanda cibearshábháilteachta agus cibearshlándála ag fás go tapa, chomh maith le margadh domhanda na réiteach athléimneachta don spás a mbeidh deiseanna tráchtála do thionscal na hEorpa mar thoradh orthu;

20. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil roinnt tionscnamh spáis cibearbhunaithe ann cheana a bhfuil gealladh fúthu; agus IARRANN SÍ ar na gníomhaithe ábhartha institiúideacha obair a dhéanamh ar chur chuige comhchoiteann Eorpach maidir le cibearshábháilteacht, slándáil agus athléimneacht spáis;

**<u>An comhar Eorpach maidir leis an spás a fheabhsú, lena n-áirítear inbhuaine aistrithe ghlais agus dhigitigh</u>**

21. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá straitéis nuálaíochta don Spás Nua lena ndírítear ar thráchtálú méadaithe, ar iomaíochas agus ar éifeachtúlacht agus ar chomhchuspóirí Eorpacha sa mheántéarma agus san fhadtéarma;

22. CUIREANN SÍ I BHFIOS go láidir an ról ríthábhachtach atá ag an earnáil iartheachtach maidir le beartais phoiblí a mheas agus a chur chun feidhme, go háirithe aistriú glas agus digiteach na ngeilleagar agus na sochaithe, agus ar an gcaoi sin, an t-iomaíochas agus an éifeachtúlacht a mhéadú, poist agus fás eacnamaíoch a chruthú, agus tairbhe a bhaint as earnálacha neamhspáis; agus ADMHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé comhar a chothú idir earnálacha spáis agus earnálacha neamhspáis i réimsí amhail an fuinneamh, an comhshaol, an talmhaíocht, an tsláinte, an nascacht agus an tsoghluaisteacht;

23. MOLANN SÍ don Choimisiún Eorpach agus d'Fheidhmeannacht GSE ullmhúchán a dhéanamh lena mBallstáit faoi seach le go leanfar ar aghaidh go hiomlán agus go feabhsaithe le comhpháirteanna spáis agus seirbhísí Copernicus lasmuigh de phríomhphointe cinnidh 2021, agus é mar aidhm aige sé mhisean leathnaithe Copernicus a fhorbairt go hiomlán, faoi réir cistiú leordhóthanach a bheith ar fáil;

24. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR gur féidir leis an spás cur le comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta, go háirithe leis an Afraic, lena dtugtar aghaidh ar na hionchais agus ar na dúshláin a eascraíonn as athruithe aeráide agus comhshaoil chun forbairt inbhuanaithe, fás eacnamaíoch agus cobhsaíocht a áirithiú;

25. TACAÍONN SÍ, gan dochar do na tosaíochtaí atá leagtha síos cheana féin do na chéad Fhairtheoirí eile, le síneadh sonraí um fhaire na Cruinne i dtreo taifeach speictreach, ama agus spásúil níos fearr, agus na glúine satailítí atá beartaithe agus a bheidh ann amach anseo á húsáid, arna ndearadh agus arna bhforbairt bunaithe ar riachtanais úsáideoirí, agus trí dhul i gcomhar le córais reatha Eorpacha phoiblí nó phríobháideacha, agus gné slándála na sonraí ardtaifigh spásúla á cur san áireamh; agus TACAÍONN SÍ freisin le leathnú úsáid na hintleachta saorga le haghaidh anailís sonraí chun go bhféadfar forbairt shuaiteach a chumasú, agus táirgí agus margaí nua a chruthú, a chruthóidh tairbhí díreacha do shaoránaigh na hEorpa;

26. CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá na gníomhaíochtaí comhordaithe a dhéanann an tAontas Eorpach, an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis agus a mBallstáit faoi seach, bunaithe ar na hinniúlachtaí comhthreomhara agus ar na cúraimí agus na freagrachtaí faoi seach, agus urraim iomlán á tabhairt don socrú institiúideach agus do na creataí oibríochtúla chun an Beartas Eorpach Spáis a neartú;

27. IARRANN SÍ forbairt idirphlé ar bhonn an Chreat-Chomhaontaithe idir an tAontas agus GSE i bhfianaise na mbeart agus na ngníomhaíochtaí tionsclaíocha a bhfuil gá leo chun sineirgí a áirithiú, agus chun gníomhaíochtaí comhpháirteacha iartheachtacha agus cros-toirchithe a chur i bhfeidhm i measc na gclár a chistítear go poiblí san Eoraip; agus nuair is féidir trí dhuaiseanna agus/nó trí dheontais atá le sannadh do FBManna, do ghnólachtaí nuathionscanta, do chuideachtaí meánchaipitlithe, do ghnólachtaí atá i mbun fáis, d'eagraíochtaí taighde agus do shaotharlanna chun líon na n-úsáideoirí a mhéadú trí bheartais phoiblí a chur chun feidhme, trí phoist agus fás eacnamaíoch a chruthú agus trí thairbhí a chur ar fáil d'earnálacha neamhspáis;

28. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá an Chomhairle um an Spás a neartú trí chruinnithe rialta a ullmhú i gcomhréir leis an gCreat-Chomhaontú idir an tAontas agus GES, chun comhordú a atreisiú chun Beartas Eorpach Spáis foriomlán a fhorbairt, lena n-áirítear an chomhpháirtíocht idir an tAontas agus GSE.